BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

22 Nollaig 2022*

(Tarchur chun réamhrialú — Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh — Rialachán (AE) 2017/1001 — Airteagal 9(2)(a) — Cearta a thugtar le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh — An coincheap "úsáid" — Oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne — Fógraí arna bhfoilsiú ar an margadh sin ag díoltóirí tríú páirtithe a úsáideann, sna fógraí sin, comhartha atá comhionann le trádmharc duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil sé cláraithe ina leith — Dearcadh an chomhartha seo atá ina dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála an oibreora seo — Cur i láthair fógraí ar bhealach nach ndéanann idirdhealú soiléir idir tairiscintí an oibreora sin agus tairiscintí na ndíoltóirí tríú páirtithe sin)

I gCásanna uamtha C-148/21 agus C-184/21,

IARRATAÍ ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg) agus ón Tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil, an Bheilg), trí bhreitheanna an 5 Márta 2021 agus an 22 Márta 2021, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 8 Márta 2021 agus an 24 Márta 2021 faoi seach, sna himeachtaí idir

Christian Louboutin

agus

Amazon Europe Core Sàrl (C-148/21),

Amazon EU Sàrl (C-148/21),

Amazon Services Europe Sàrl (C-148/21),

Amazon.com Inc. (C-184/21),

Amazon Services LLC (C-184/21),

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Prechal, K. Jürimäe, C. Lycourgos, M. Safjan, P. G. Xuereb, D. Gratsias, M. L. Arastey Sahún, Uachtaráin Dlísheomra, M. Ilešič (Rapóirtéir), F. Biltgen, I. Ziemele agus J. Passer, Breithiúna,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: V. Giacobbo, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 22 Feabhra 2022,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Christian Louboutin, ag M. Decker, N. Decker agus T. van Innis, avocats,

– Amazon Europe Core Sàrl, Amazon EU Sàrl agus Amazon Services Europe Sàrl, ag S. Ampatziadis, H. Bälz, A. Conrad, F. Seip, Rechtsanwälte, agus E. Taelman, advocaat,

– Amazon.com Inc. agus Amazon Services LLC, ag L. Depypere, advocaat, R. Dupont, avocat, agus T. Heremans, advocaat,

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller, U. Bartl agus M. Hellmann, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag É. Gippini Fournier, S. L. Kalėda agus J. Samnadda, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 2 Meitheamh 2022

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 9(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO 2017 L 154, lch. 1).

2 Rinneadh na hiarrataí seo in imeachtaí idir Christian Louboutin, i gCás C-148/21, agus Amazon Europe Core Sàrl, Amazon EU Sàrl agus Amazon Services Europe Sàrl agus, i gCás C-184/21, Amazon.com Inc. agus Amazon Services LLC (i dteannta a chéile agus gan idirdhealú i ngach ceann den dá chás sin, “Amazon”) maidir le húsáid líomhnaithe, ag Amazon, as comharthaí atá comhionann leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh arb é an tUasal Louboutin an dílseánach air agus gan a thoiliú, i ndáil le hearraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith.

An dlí lena mbaineann

Rialachán 2017/1001

3 Le hAirteagal 9 de Rialachán 2017/1001, dar teideal "Cearta a thugann trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh" i Roinn 2, dar teideal "Éifeachtaí trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh", de Chaibidil II de, foráiltear, i míreanna 1 go 3 de:

"1. Le clárú trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh, tabharfar cearta eisiacha don dílseánach ann.

2. Gan dochar do chearta dílseánach a gnóthaíodh roimh dháta comhdaithe nó roimh dháta tosaíochta trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh, beidh dílseánach an trádmhairc sin de chuid an Aontais Eorpaigh i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil toiliú an dílseánaigh aige nó aici úsáid a bhaint as aon chomhartha i gcúrsa trádála, maidir le hearraí nó seirbhísí, más rud é:

(a) go bhfuil an comhartha comhionann leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh agus go mbaintear úsáid as maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh cláraithe ina leith;

[...]

3. Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a thoirmeasc faoi mhír 2:

[...]

(b) na hearraí a thairiscint, a chur ar an margadh, nó a stocáil chun na gcríoch sin faoin gcomhartha, nó seirbhísí a thairiscint nó a sholáthar faoi;

[...]

(e) an comhartha a úsáid ar pháipéir ghnó agus i bhfógraíocht;

(f) an comhartha a úsáid i bhfógraíocht chomparáideach ar bhealach atá contrártha do Treoir 2006/114/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach (IO 2006 L 376, lch. 21)]."

Treoir 2004/48/CE

4 Foráiltear le hAirteagal 11 de Threoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO 2004 L 157, lch. 45, agus ceartúchán IO 2004 L 195, lch. 16), dar teideal "Orduithe":

"Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, i gcás ina ndéanfar cinneadh breithiúnach gur sáraíodh ceart maoine intleachtúla, ordú a eisiúint i gcoinne an tsáraitheora atá ceaptha chun a thoirmeasc go leanfar ar aghaidh leis an sárú. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, beidh neamh-chomhlíonadh ordaithe, i gcás inarb iomchuí, faoi réir íocaíocht phionósach athfhillteach, d'fhonn chomhlíonadh an ordaithe a áirithiú. Áiritheoidh na

Ballstáit freisin go bhféadfaidh sealbhóirí na gceart ordú a lorg i gcoinne idirghabhálaithe lena mbaineann tríú páirtí úsáid as a gcuid seirbhísí chun ceart maoine intleachtúla a shárú, gan dochar d'Airteagal 8(3) de Threoir 2001/29/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10)]." [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2000/31/CE

5 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 14(1) de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ("an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach") (IO 2000 L 178, lch. 1), dar teideal "Óstáil":

"Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraítear seirbhís de chuid na sochaí faisnéise ina gcuimsítear stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nach mbeidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas i leith na faisnéise a stóráiltear arna hiarraidh sin d'fhaighteoir na seirbhíse, ar choinníoll:

a) nach bhfuil eolas iarbhír ag an soláthraí ar ghníomhaíocht neamhdhleathach nó ar fhaisnéis neamhdhleathach agus, a mhéid a bhaineann le héilimh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó imthosca ónár léir an ghníomhaíocht neamhdhleathach nó an fhaisnéis neamhdhleathach

nó

b) nuair a fhaigheann an soláthraí an t-eolas sin, go bhfeidhmíonn sé go tapa chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú." [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

6 Tá an tUasal Louboutin ina dhearthóir Francach de choisbheart agus málaí láimhe de chineál ardghradaim arb iad na hearraí is cáiliúla atá aige ná bróga a bhfuil sála arda orthu do mhná. Ó lár na 1990idí, tá sé tar éis bonn amuigh de dhath dearg a chomhfhreagraíonn do chód Pantone 18-1663TP a chur lena bhróga a bhfuil sála arda orthu.

7 Tá an dath sin, a chuirtear ar bhonn bróige a bhfuil sála ard uirthi, cláraithe mar thrádmharc Benelux faoi Choinbhinsiún Benelux um Maoin Intleachtúil (Trádmharcanna agus Dearaí) an 25 Feabhra 2005, arna shíniú sa Háig ag Ríocht na Beilge, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre. Cláraíodh an trádmharc céanna ón 10 Bealtaine 2016 mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ("an trádmharc atá i gceist").

8 Oibríonn Amazon láithreáin ghréasáin chun earraí éagsúla a dhíol ar líne a thairgeann sé go díreach, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, agus go hindíreach, trí mhargadh ar líne a sholáthar do dhíoltóirí tríú páirtithe. Is féidir leis na díoltóirí féin, nó le Amazon, seoladh na n-earraí a thairgeann na díoltóirí tríú páirtithe sin lena ndíol ar an margadh ar líne sin a láimhseáil, a stórálann na hearraí sin ina ionaid dáileacháin agus a sheolann chuig na ceannaitheoirí óna áitreabh féin iad.

9 Ar na láithreáin ghréasáin seo, bíonn fógraí díolacháin do bhróga le boinn dhearga le feiceáil go rialta, fógraí díolacháin a bhaineann, dar leis an Uasal Louboutin, le hearraí nach raibh a gcur i gcúrsaíocht ina ábhar dá thoiliú.

Cás C-148/21

10 An 19 Meán Fómhair 2019, thug an tUasal Louboutin, ag brath ar shárú ar na cearta eisiacha a tugadh leis an trádmharc atá i gceist, caingean um shárú an trádmhairc sin i gcoinne Amazon os comhair an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg), an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-148/21. Iarrann an tUasal Louboutin go ndéanfaí Amazon a chur faoi dhliteanas i leith sárú ar an trádmharc atá i gceist, go stopfadh Amazon as úsáid a bhaint as comharthaí atá comhionann leis an trádmharc sin ar fud chríoch an Aontais Eorpaigh i gcúrsaí trádála, ach amháin i gcríoch Benelux, go n-íocfadh Amazon íocaíocht phionósach thréimhsiúil, agus go n-ordófaí dó damáistí a íoc as an dochar a líomhnaítear a rinneadh de bharr na n-úsáidí sin.

11 Tá caingean an Uasail Louboutin bunaithe ar Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001. Áitíonn sé gur bhain Amazon úsáid, gan a thoiliú, as comhartha atá comhionann leis an trádmharc atá i gceist le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, mar gheall, go háirithe, ar fhógraí a thaispeáint ar láithreáin gréasáin díolacháin ar líne na cuideachta sin, fógraí a bhaineann le hearraí a bhfuil comhartha comhionann den sórt sin orthu, ach freisin mar gheall ar stocáil, ar sheoladh agus ar sheachadadh na n-earraí sin. De réir an Uasail Louboutin, tá úsáid den sórt sin inchurtha i leith Amazon, a mhéid a bhí ról gníomhach ag an gcuideachta sin maidir le húsáid an chomhartha atá i gceist agus a mhéid a bhí na fógraí a bhaineann leis na hearraí góchumtha mar chuid dá chumarsáid tráchtála féin. Dá bhrí sin, ní féidir Amazon a mheas mar óstach láithreán gréasáin amháin nó mar idirghabhálaí neodrach, ós rud é go gcabhraíonn sé le díoltóirí tríú páirtithe, go háirithe maidir le cur i láthair a dtairiscintí a bharrfheabhsú.

12 Díospóideann Amazon gur féidir é a chur faoi dhliteanas as comhartha atá comhionann leis an trádmharc atá i gceist a úsáid. Braitheann sé ar roinnt breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais i gcásanna a bhaineann le hoibreoirí margaidh ar líne, amhail eBay, chun a mhaíomh, mar oibreoir margaidh den sórt sin, nach féidir é a chur faoi dhliteanas maidir le húsáid comhartha atá comhionann leis an trádmharc atá i gceist ag díoltóirí tríú páirtithe a úsáideann a mhargadh ar líne ach an oiread. Áitíonn Amazon nach bhfuil difríocht shuntasach idir an chaoi a n-oibríonn na margaí atá comhtháite ina láithreáin gréasáin díolacháin ar líne agus margaí eile agus nach gciallaíonn cuimsiú a lógó i bhfógraí díoltóirí tríú páirtithe go nglacann sé úinéireacht ar na fógraí sin. Thairis sin, de réir Amazon, ní féidir leis na seirbhísí coimhdeacha a thairgeann sé do dhíoltóirí tríú páirtithe bonn cirt a thabhairt lena dtairiscintí a mheas mar chuid dá chumarsáid tráchtála féin. Má chruthaíonn soláthróir na coinníollacha teicniúla is gá chun comhartha atá comhionann le trádmharc cosanta a úsáid agus go bhfaigheann sé luach saothair as an tseirbhís sin, ní hionann sin agus a rá go mbaineann an soláthraí féin úsáid as an gcomhartha atá i gceist.

13 De réir na cúirte a rinne an tarchur i gCás C-148/21, is éard atá i gceist le modh oibríochta na láithreán gréasáin díolacháin ar líne a oibríonn Amazon ná fógraí a thabhairt le chéile don chatagóir chéanna earraí, ar fógraí iad a thagann ón gcuideachta sin féin agus ó dhíoltóirí tríú páirtithe atá gníomhach ar an margadh ar líne atá ar na láithreáin ghréasáin sin. Tá sé difriúil ó chuideachtaí eile, amhail eBay nó Rakuten, nach n-oibríonn ach margadh ar líne agus dá bhrí sin ní fhoilsíonn siad ach fógraí ó dhíoltóirí tríú páirtithe, gan dul i mbun aon ghníomhaíocht earraí a

dhíol. Ní hé Amazon, áfach, an t-aon cheann a ghlac an tsamhail ghnó "hibrideach" sin. Óstálann oibreoirí ar nós an chuideachta Cdiscount earraí ó dhíoltóirí tríú páirtithe in aice lena raon earraí féin freisin.

14 Dá réir sin, is gá a chinneadh, i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus, go háirithe, breithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile* (C-324/09, EU:C:2011:474), an féidir le modh oibríochta na láithreán gréasáin díolacháin ar líne sin a bheith ina chúis le húsáid oibreora na láithreán sin as comhartha atá comhionann leis an trádmharc atá i gceist mar gheall ar chomhtháthú fógraí ag díoltóirí tríú páirtithe a thaispeánann comhartha den sórt sin ina chumarsáid tráchtála féin.

15 Fiafraíonn an chúirt sin freisin, maidir leis an ról nach mór gníomhach atá ag oibreoir láithreán gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne i bhfoilsiú fógraí, an bhféadfadh sé go mbeadh dearcadh an phobail ábhartha.

16 Ar deireadh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar cheart a mheas go bhfuil úsáid á baint ag oibreoir den sórt sin as comhartha atá comhionann le trádmharc cosanta nuair a ghlacann sé freagracht as seoladh earraí ar a bhfuil an comhartha sin. I mbreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany* (C-567/18, EU:C:2020:267), níor rialaigh an Chúirt ar an bpointe sin, ós rud é gurb é soláthraí seachtrach a rinne an seoladh sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin.

17 Sna himthosca sin, chinn an Tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg, Lucsamburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"(1) An gcaithfear Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] a léiriú sa chiall go bhfuil úsáid comhartha atá comhionann le trádmharc i bhfógraíocht atá ar taispeáint ar [láithreán gréasáin] inchurtha i leith a oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis mar gheall ar an meascán ar an láithreán gréasáin sin de thairiscintí an oibreora féin nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis agus tairiscintí de chuid díoltóirí tríú páirtithe, tríd an bhfógraíocht sin a chomhtháthú i gcumarsáid tráchtála an oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis?

An ndéantar comhtháthú den sórt sin a neartú mar gheall:

– go gcuirtear an fhógraíocht i láthair go haonfhoirmeach ar an láithreán gréasáin?

– go ndéantar fógraíocht an oibreora agus na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis agus fógraíocht de chuid díoltóirí tríú páirtithe a thaispeáint gan idirdhealú ó thaobh a n-áite tionscnaimh, ach go dtaispeántar go soiléir lógó an oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis, sna ranna fógraíochta de láithreáin gréasáin tríú páirtithe i bhfoirm "pop-up"?

– go dtairgeann an t-oibreoir nó na heintitis a bhfuil nasc eacnamaíoch acu le seirbhís iomlán do dhíoltóirí triú páirtithe, lena n-áirítear cúnamh chun fógraíocht a ullmhú agus praghsanna díola a shocrú agus chun na hearraí a stóráil agus a sheoladh?

– go bhfuil láithreán gréasáin an oibreora agus na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis deartha sa chaoi go mbeidh sé i bhfoirm siopaí agus lipéad amhail "earraí sárdhíola", "an t-éileamh is mó" nó "bronntanais mhóréilimh", gan idirdhealú follasach ar an gcéad

amharc idir earraí an oibreora agus na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis agus earraí de chuid díoltóirí tríú páirtithe?

2) An gcaithfear Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] a léiriú sa chiall go bhfuil úsáid comhartha atá comhionann le trádmharc i bhfógraíocht a thaispeántar ar láithreán gréasáin díolacháin ar líne inchurtha, i bprionsabal, i leith a oibreora nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis más rud é, i ndearcadh úsáideora idirlín atá réasúnta eolasach agus airdeallach, go raibh ról gníomhach ag an oibreoir nó ag eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis i bhforbairt na fógraíochta sin nó má mheastar go bhfuil sí ina cuid de chumarsáid tráchtála an oibreora sin féin?

   An mbeidh tionchar ag a leanas ar an dearcadh sin:

   – go bhfuil an t-oibreoir agus/nó na heintitis a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis mar dháileoir clúiteach ar réimse mór earraí, lena n-áirítear earraí i gcatagóir na n-earraí sin a cuireadh chun cinn san fhógraíocht; nó

   – go dtaispeántar san fhógraíocht arna taispeáint ceannteideal ina n-atáirgtear trádmharc seirbhíse an oibreora sin nó na n-eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis, agus go bhfuil clú ar an trádmharc dáileora; nó

   – nó go dtairgeann an t-oibreoir nó na heintitis a bhfuil nasc eacnamaíoch acu leis, mar aon leis an taispeáint sin, seirbhísí a sholáthraíonn, go traidisiúnta, dáileoirí earraí sa chatagóir chéanna leis an gcatagóir lena mbaineann an t-earra a cuireadh chun cinn san fhógraíocht?

3) An gcaithfear Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] a léiriú sa chiall nach ionann an seoladh, i gcúrsaí trádála agus gan toiliú dhílseánach an trádmhairc, chuig an tomhaltóir deiridh d'earra ar a bhfuil comhartha atá comhionann leis an trádmharc, agus úsáid atá inchurtha i leith an tseoltóra ach amháin má tá eolas iarbhír ag an seoltóir gur greamaíodh an comhartha ar an earra?

   An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má tá sé curtha in iúl ag an seoltóir féin nó ag eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis don tomhaltóir deiridh go ndéanfaidh sé an seoladh sin tar éis dó nó d'eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis an earra a stóráil chun na críche sin?

   An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má bhí an seoltóir féin nó eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis rannpháirteach go gníomhach roimhe sin i dtaispeáint, i gcúrsaí trádála, d'fhógraíocht an earra ar a bhfuil an comhartha sin nó má thóg sé ordú an tomhaltóra deiridh ar bhonn na fógraíochta sin?"

Cás C-184/21

18 An 4 Deireadh Fómhair 2019, thionscain an tUasal Louboutin, ag brath ar shárú ar na cearta eisiacha a tugadh leis an trádmharc atá i gceist, caingean um shárú an trádmhairc sin i gcoinne Amazon os comhair an Tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil, an Bheilg), an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-184/21, chun go stopfaidh Amazon úsáid a bhaint as a thrádmharc agus chun cúiteamh a fháil ar an dochar a

rinneadh de bharr na n-úsáidí sin, ag áitiú, go bunúsach, na n-argóintí céanna leo siúd a cuireadh ar aghaidh chun tacú leis an iarraidh a chuir sé faoi bhráid na cúirte a rinne an tarchur i gCás C-148/21.

19 Dar le Amazon, mar sin féin, ós rud é go bhfoilsíonn sé, ar thaobh amháin, ar na margaí ar líne atá comhtháite ina láithreáin gréasáin díolacháin ar líne, tairiscintí a rinne díoltóirí tríú páirtithe de bhróga a líomhnaítear a bheith góchumtha agus, ar an taobh eile, go nglacann sé freagracht as na bróga sin a sheoladh, ní hionann é sin agus úsáid an trádmhairc atá i gceist ag an gcuideachta sin.

20 Measann an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-184/21 gur gá, chun an díospóid atá os a comhair a réiteach, a fháil amach ar an gcéad dul síos cad iad na himthosca inar féidir úsáid comhartha sáraitheach i dtairiscint díolacháin arna déanamh ag díoltóir tríú páirtí a chur i leith oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne, ar an dara dul síos, an bhfuil gá, agus cad iad na himthosca inar ghá, dearcadh an phobail i ndáil leis an tairiscint sin a chur san áireamh, chun an méid ina bhfuil an úsáid sin inchurtha a chinneadh agus, ar an tríú dul síos, an ionann agus, i gcás inarb iomchuí, cad iad na himthosca inarb ionann Amazon ag glacadh freagracht as seoladh earra ar a bhfuil comhartha atá comhionann leis an trádmharc, ann féin, agus gníomh úsáide an trádmhairc sin, ar féidir a chur i leith na cuideachta sin, faoi Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001.

21 Sna himthosca sin, chinn an Tribunal de l'entreprise francophone de Bruxelles (Cúirt Fraincise na gCuideachtaí, an Bhruiséil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"1) An gcaithfear Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] a léiriú sa chiall go bhfuil úsáid comhartha atá comhionann le trádmharc i bhfógraíocht atá ar taispeáint ar [láithreán gréasáin] inchurtha, i bprionsabal, i leith a oibreora más rud é, i ndearcadh úsáideora idirlín atá réasúnta eolasach agus airdeallach, go raibh ról gníomhach ag an oibreoir sin i bhforbairt na fógraíochta sin nó go bhféadfadh úsáideoir idirlín den sórt sin a mheas go bhfuil an fhógraíocht sin ina cuid de chumarsáid tráchtála an oibreora sin féin?

An mbeidh tionchar ag a leanas ar an dearcadh sin:

– go bhfuil an t-oibreoir sin mar dháileoir clúiteach ar réimse mór earraí, lena n-áirítear earraí i gcatagóir na n-earraí sin a cuireadh chun cinn san fhógraíocht; nó

– go dtaispeántar san fhógraíocht arna taispeáint ceannteideal ina n-atáirgtear trádmharc seirbhíse an oibreora sin, agus go bhfuil clú ar an trádmharc sin mar thrádmharc dáileora; nó

– go dtairgeann an t-oibreoir sin, mar aon leis an taispeáint sin, seirbhísí a sholáthraíonn, go traidisiúnta, dáileoirí earraí sa chatagóir chéanna leis an gcatagóir lena mbaineann an t-earra a cuireadh chun sinn san fhógraíocht?

2) An gcaithfear Airteagal 9(2) de [Rialachán 2017/1001] a léiriú sa chiall nach ionann an seoladh, i gcúrsaí trádála agus gan toiliú dhílseánach an trádmhairc, chuig an tomhaltóir deiridh d'earra ar a bhfuil comhartha atá comhionann leis an trádmharc, agus úsáid atá inchurtha i leith an tseoltóra ach amháin má tá eolas iarbhír ag an seoltóir gur greamaíodh an comhartha ar an earra?

An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má tá sé curtha in iúl ag an seoltóir féin nó eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis don tomhaltóir deiridh go ndéanfaidh sé an seoladh sin tar éis dó nó d'eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis an earra a stóráil chun na críche sin?

An bhfuil seoltóir den sórt sin ina úsáideoir den chomhartha lena mbaineann má bhí an seoltóir féin nó eintiteas a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis rannpháirteach go gníomhach roimhe sin i dtaispeáint, i gcúrsaí trádála, d'fhógraíocht an earra ar a bhfuil an comhartha sin nó má thóg sé ordú an tomhaltóra deiridh ar bhonn na fógraíochta sin?"

22 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 16 Aibreán 2021, rinneadh Cásanna C-148/21 agus C-184/21 a uamadh le haghaidh an nós imeachta ó bhéal agus an bhreithiúnais.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

23 Trína gceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001 a léiriú sa chiall go bhféadfar oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear, sa bhreis ar a thairiscintí lena ndíol féin, margadh ar líne a mheas mar oibreoir a bhaineann úsáid é féin as comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, i gcás ina dtairgeann díoltóirí tríú páirtithe earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin, gan toiliú dhílseánach an trádmhairc sin. Fiafraíonn siad, go háirithe, an bhfuil na fíorais go n-úsáideann an t-oibreoir sin bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, ina dtaispeántar ag an am céanna na fógraí a bhaineann leis na hearraí a dhíolann sé ina ainm agus ar a chuntas féin agus na cinn a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin, ina dtaispeántar a lógó dáileora aitheanta féin ar na fógraí sin go léir agus go dtairgeann sé go díoltóirí tríú páirtithe, i gcomhthéacs mhargaíocht a gcuid earraí, seirbhísí breise arb é atá iontu tacaíocht a sholáthar dóibh i gcur i láthair a bhfógraí agus na hearraí a thairgtear ar an margadh céanna a stóráil agus a sheoladh ábhartha i ndáil leis sin. Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur freisin ar cheart, i gcás inarb iomchuí, an dearcadh atá ag úsáideoirí an láithreáin gréasáin atá i gceist a chur san áireamh.

24 Faoi Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001, tugtar le clárú trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh an ceart do dhílseánach an trádmhairc sin cosc a chur ar gach tríú páirtí úsáid a bhaint, i gcúrsaí trádála, as aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc sin maidir le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd ar cláraíodh ina leith é.

25 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach sainmhínítear leis an Rialachán sin an coincheap "úsáid", de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001.

26 Eascraíonn sé as cásdlí socair na Cúirte go bhfuil dílseánach an trádmhairc i dteideal cosc a chur ar úsáid comhartha atá comhionann leis an trádmharc sin ag tríú páirtí, gan a thoiliú, i gcás ina dtarlaíonn an úsáid sin i gcúrsaí trádála, go mbaintear úsáid as i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leo siúd ar cláraíodh an trádmharc ina leith, agus go ndéanann sé dochar d'fheidhmeanna an trádmhairc nó gur dócha go ndéanfaidh sé dochar d'fheidhmeanna an trádmhairc, lena n-áirítear, go háirithe, bunfheidhm an trádmhairc, is é sin tionscnamh an earra nó na seirbhíse a ráthú do thomhaltóirí (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Márta 2016, *Daimler*, C-179/15, EU:C:2016:134, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Shoiléirigh an Chúirt freisin go gciallaíonn an focal "úsáid", de réir a ghnáthchiall, iompar gníomhach agus rialú, go díreach nó go hindíreach, ar an ngníomh arb é an úsáid é agus thug sí dá haire go dtagraíonn Airteagal 9(3) de Rialachán 2017/1001, ina liostaítear ar bhealach neamh-uileghabhálach na cineálacha úsáide a fhéadfaidh dílseánach an trádmhairc a chosc, d'iompar gníomhach ó thríú páirtí go heisiach (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear), lena n-áirítear, in Airteagal 9(3)(b), earraí góchumtha a thairiscint, iad a chur ar an margadh nó iad a stocáil chun na gcríoch sin.

28 Sa chomhthéacs sin, mheabhraigh an Chúirt gurb é cuspóir Airteagal 9 de Rialachán 2017/1001 ionstraim dlí a chur ar fáil do dhílseánach trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh lena gcuirtear ar a chumas aon úsáid den trádmharc sin a dhéanann tríú páirtí gan a thoiliú a chosc, agus deireadh a chur leis, dá bhrí sin. Mar sin féin, ní féidir ach tríú páirtí a bhfuil rialú díreach nó indíreach aige ar an ngníomh arb é an úsáid é scor den úsáid sin agus dá bhrí sin an cosc sin a chomhlíonadh (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Thairis sin, chinn an Chúirt arís agus arís eile go dtugtar le tuiscint, ar a laghad, má úsáideann tríú páirtí comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmharc an dílseánaigh, de réir bhrí Airteagal 9(2) de Rialachán 2017/1001, go n-úsáideann an tríú páirtí an comhartha i gcomhthéacs a chumarsáid tráchtála féin. Dá bhrí sin, féadfaidh duine cead a thabhairt dá chustaiméirí comharthaí atá comhionann nó cosúil le trádmharcanna a úsáid gan na comharthaí sin a úsáid é féin (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt, maidir le hoibreoir margaidh ar líne, gurb iad custaiméirí díola an oibreora sin, agus iad sin amháin, a úsáideann comharthaí atá comhionann nó cosúil le trádmharcanna i dtairiscintí lena ndíol a thaispeántar ar an margadh sin, ós rud é nach mbaineann an t-oibreoir sin úsáid as an gcomhartha sin i gcomhthéacs a chumarsáide tráchtála féin (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, míreanna 102 agus 103, agus an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 40).

31 Ós rud é go gcruthaítear na coinníollacha teicniúla is gá chun comhartha a úsáid agus go bhfaigheann sé luach saothair as an tseirbhís sin, ní hionann sin agus a rá go mbaineann an duine a sholáthraíonn an tseirbhís sin úsáid as an gcomhartha sin, fiú má tá sé ag gníomhú chun a leasa eacnamaíoch féin (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Ar an gcaoi chéanna, chinn an Chúirt, go bunúsach, i míreanna 45 agus 53 de bhreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany* (C-567/18, EU:C:2020:267), i gcás ina dtairgeann oibreoir margaidh ar líne seirbhísí stórála do dhíoltóirí tríú páirtithe atá gníomhach sa mhargadh sin, ionas go stórálfaidh sé earraí do na díoltóirí tríú páirtithe sin a sháraíonn ceart trádmhairc, gan bheith ar an eolas, áfach, faoi chineál góchumtha na n-earraí atá i gceist agus gan é a bheith mar chuspóir aige na hearraí a stórálann sé a thairiscint nó iad a chur ar an margadh é féin, ní hé an t-oibreoir ach na díoltóirí sin amháin a bhaineann úsáid as na comharthaí atá greamaithe de na hearraí atá stóráilte aige.

33 Mar sin féin, ní mór a chur in iúl, cé gur luaigh oibreoir an láithreáin gréasáin díolacháin ar líne chéanna, sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas seo, lena n-ionchorpraítear an margadh ar líne, eadhon Amazon, go raibh an chúirt a rinne an tarchur sa chás sin, a raibh dlínse aici na cinntí

riachtanacha fíorais a dhéanamh amháin, tar éis a rá go soiléir nach raibh an t-oibreoir sin ar an eolas gur sháraigh na hearraí atá i gceist ceart trádmhairc, nár thairg sé féin na hearraí lena mbaineann lena ndíol nó nár chuir sé ar an margadh iad agus nach raibh sé i gceist aige é sin a dhéanamh. Thug an chúirt sin dá haire freisin gurb iad soláthróirí seachtracha a rinne seoladh na n-earraí sin (féach breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, míreanna 9, 30 agus 47).

34 Thairis sin, sa chás sin ná sa chás ba chúis le breithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile* (C-324/09, EU:C:2011:474), ar bhraith Amazon air agus a luadh i mír 30 den bhreithiúnas seo, níor cuireadh ceist ar an gCúirt faoin tionchar atá ag an bhfíoras go bhfuil tairiscintí lena ndíol, chomh maith leis an margadh ar líne, ag oibreoir an láithreáin gréasáin sin féin ar an láithreáin gréasáin atá i gceist.

35 Sna cásanna sin, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur go sonrach i dtaobh na críche sin agus a thábhachtaí atá sé a bheith ag gabháil, i gcomhthéacs den sórt sin, le dearcadh úsáideoirí an láithreáin gréasáin atá i gceist agus le himthosca eile, amhail an fíoras go n-úsáideann an t-oibreoir bealach aonfhoirmeach chun tairiscintí lena ndíol arna bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, ina dtaispeántar ag an am céanna a chuid fógraí féin agus fógraí díoltóirí tríú páirtithe agus a lógó dáileora féin a thaispeáint ar na fógraí sin go léir, agus go dtairgeann sé seirbhísí breise do na díoltóirí tríú páirtithe sin i gcomhthéacs mhargaíocht a gcuid earraí, amhail tacaíocht a thabhairt maidir lena bhfógraí a chur i láthair agus a gcuid earraí a stóráil agus a sheoladh.

36 Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur, go háirithe, an féidir a mheas, in imthosca den sórt sin, nach é an díoltóir tríú páirtí amháin é, ach freisin oibreoir an láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne a úsáideann, i gcás inarb iomchuí, ina chumarsáid tráchtála féin, comhartha atá comhionann le trádmharc duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, agus mar thoradh air sin go bhféadfar é a chur faoi dhliteanas i leith sárú ar chearta dhílseánaigh an trádmhairc sin, de réir bhrí Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001, i gcás ina dtairgeann an díoltóir tríú páirtí sin earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin.

37 Ba cheart a shoiléiriú, i ndáil leis sin, go n-eascraíonn an cheist sin beag beann ar go bhféadtar ról an oibreora sin, a mhéid a cheadaíonn sé d'oibreoir eacnamaíoch eile an trádmharc a úsáid, a scrúdú, i gcás inarb iomchuí, ó thaobh rialacha eile dlí amhail Airteagal 14(1) de Threoir 2000/31 nó an chéad abairt d'Airteagal 11 de Threoir 2004/48 (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Cé gur faoi na cúirteanna a rinne an tarchur atá sé a mheas, ar deireadh, i ngach ceann de na cásanna sna príomhimeachtaí, an úsáideann Amazon, ina cháil mar oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne, comhartha atá comhionann leis an trádmharc atá i gceist i ndáil le hearraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, de réir bhrí Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001, féadfaidh an Chúirt mar sin féin treoir a thabhairt do na cúirteanna sin maidir le léiriú dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith in úsáid di i ndáil leis sin (féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 7 Aibreán 2022, *Berlin Chemie A. Menarini*, C-333/20, EU:C:2022:291, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 I ndáil leis sin, maidir le "cumarsáid tráchtála" fiontair, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 29 den bhreithiúnas seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a bhreathnaigh an tAbhcóide Ginearálta i míreanna 55 agus 56 dá Thuairim, go dtagraíonn sé go ginearálta d'aon chineál cumarsáide atá dírithe ar thríú páirtithe, arb é is aidhm di a ghníomhaíocht, a earraí nó lena léirítear feidhmiú gníomhaíochta den sórt sin. Le húsáid comhartha i gcumarsáid tráchtála an fhiontair féin, glactar leis, dá bhrí sin, go ndealraíonn sé, i súile tríú páirtithe, go bhfuil an comhartha sin ina dhlúthchuid den chumarsáid sin agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé ina chuid de ghníomhaíocht an fhiontair sin.

40 Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhrú gur chinn an Chúirt cheana féin, i gcás ina n-úsáideann soláthraí seirbhíse comhartha atá comhionann le trádmharc duine eile nó cosúil leis chun earraí a chur chun cinn a mhargaíonn ceann dá chustaiméirí le cabhair ón tseirbhís sin, go n-úsáideann an soláthraí féin sin an comhartha sin nuair a úsáideann sé é ar bhealach lena mbunaítear nasc idir an comhartha sin agus na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí sin (breithiúnais an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, mír 92, agus an 15 Nollaig 2011, *Frisdranken Industrie Winters*, C-119/10, EU:C:2011:837, mír 32).

41 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt nach n-úsáideann soláthraí den sórt sin féin comhartha atá comhionann nó cosúil le trádmharc duine eile i gcás nach bhfuil an tseirbhís a sholáthraíonn an soláthraí sin inchomparáide, de bharr a cineáil, le seirbhís arb é is aidhm di margaíocht earraí a bhfuil an comhartha sin orthu a chur chun cinn agus nach bhfuil nasc idir an tseirbhís sin agus an comhartha sin a chruthú i gceist leis, ós rud é nach bhfuil an soláthraí atá i gceist dealraitheach don tomhaltóir, a eisiann aon chomhlachas idir a sheirbhísí agus an comhartha atá i gceist (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Nollaig 2011, *Frisdranken Industrie Winters*, C-119/10, EU:C:2011:837, mír 33).

42 Mar sin féin, chinn an Chúirt go bhfuil nasc den sórt sin ann i gcás ina ndéanann oibreoir margaidh ar líne fógraíocht, trí úsáid a bhaint as seirbhís tagartha idirlín agus as eochairfhocal atá comhionann le trádmharc duine eile, earraí an trádmhairc sin a thairgeann a chustaiméirí lena ndíol ar a mhargadh ar líne. Cruthaítear le fógraíocht den sórt sin, d'úsáideoirí idirlín a dhéanann cuardach ar bhonn an eochairfhocail sin, comhlachas soiléir idir na hearraí brandáilte sin agus an fhéidearthacht iad a cheannach tríd an margadh sin. Is ar an gcúis sin atá dílseánach an trádmhairc sin i dteideal an t-oibreoir sin a chosc ó úsáid den sórt sin, i gcás ina sáraíonn an fhógraíocht sin cearta trádmhairc toisc nach féidir le húsáideoir idirlín atá réasúnta eolasach agus airdeallach, go mbeadh a fhios acu an de thionscnamh dhílseánach an trádmhairc sin nó ó fhiontar a bhfuil nasc eacnamaíoch aige leis nó, dá mhalairt, ó thríú páirtí (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, míreanna 93 agus 97).

43 Mar thoradh ar an gcásdlí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 58, 59 agus 72 dá Thuairim, d'fhonn a chinneadh an mbaineann oibreoir féin láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne úsáid as comhartha atá comhionann le trádmharc duine eile, a thaispeántar i bhfógraí a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin, is gá a mheas an ndéanann úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach ar an láithreán gréasáin sin nasc a bhunú idir seirbhísí an oibreora sin agus an comhartha atá i gceist.

44 Ní dhéantar ábharthacht anailíse den sórt sin a cheistiú ar bhealach ar bith leis an argóint, a chuir Amazon agus an Coimisiún Eorpach chun cinn ina mbarúlacha i scríbhinn, nár cuireadh dearcadh na n-úsáideoirí san áireamh i gcásdlí reatha na Cúirte Breithiúnais.

45 Is fíor, i míreanna 102 agus 103 de bhreithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile* (C-324/09, EU:C:2011:474), a ndéantar an t-ábhar a aisghairm i mír 30 den bhreithiúnas seo, nár luaigh an Chúirt go sainráite dearcadh úsáideoir an mhargaidh ar líne, faighteoir na cumarsáide tráchtála atá i gceist.

46 Mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin gur chuir an Chúirt as an áireamh go bhféadfaí dearcadh úsáideoirí an mhargaidh ar líne a chur san áireamh mar ghné ábhartha agus cinneadh á dhéanamh an úsáidtear an comhartha atá i gceist i gcomhthéacs na cumarsáide tráchtála oibreoir an mhargaidh sin féin.

47 Sa chás as ar eascair an breithiúnas sin, níor áiríodh ar an láithreán gréasáin atá i gceist ach margadh ar líne, gan tairiscintí lena ndíol féin de chuid oibreoir an láithreáin gréasáin sin a áireamh freisin.

48 Dá réir sin, d'fhonn a chinneadh an féidir fógra, arna fhoilsiú ar láithreán gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne ag díoltóir tríú páirtí atá gníomhach ar an margadh sin, agus úsáid á baint as comhartha atá comhionann le trádmharc duine eile, a mheas mar fhógra atá ina dhlúthchuid de chumarsáid tráchtála oibreoir an láithreáin gréasáin sin, is gá a fháil amach an bhfuil an fógra sin in ann nasc a bhunú idir na seirbhísí a thairgeann an t-oibreoir sin agus an comhartha atá i gceist, ar an bhforas go bhféadfadh úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach a chreidiúint gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn, ina ainm agus ar a chuntas féin, an t-earra dá n-úsáidtear an comhartha atá i gceist.

49 I gcomhthéacs an mheasúnaithe fhoriomláin sin ar imthosca an cháis, tugtar tábhacht ar leith don bhealach a chuirtear fógraí i láthair, ina n-aonar agus ina n-iomláine, ar an láithreán gréasáin atá i gceist agus ar chineál agus ar mhéid na seirbhísí a chuireann oibreoir an láithreáin gréasáin sin ar fáil.

50 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an mbealach ina gcuirtear na fógraí sin i láthair, ní mór a mheabhrú go bhforáiltear don ghá atá le fógraí ar an idirlíon a thaispeáint go trédhearcach i reachtaíocht an Aontais maidir le tráchtáil leictreonach (breithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, mír 95). Dá bhrí sin, ní mór fógraí a thaispeántar ar láithreán gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne a chur i láthair ar bhealach a chuirfidh ar chumas úsáideora atá réasúnta eolasach agus airdeallach idirdhealú a dhéanamh go héasca idir tairiscintí arna ndéanamh, ar thaobh amháin, ag oibreoir an láithreáin gréasáin sin agus, ar an taobh eile, ag díoltóirí tríú páirtithe atá gníomhach ar an margadh ar líne agus atá ionchorpraithe (féach, *mutatis mutandis*, breithiúnas an 12 Iúil 2011, *L'Oréal agus páirtithe eile*, C-324/09, EU:C:2011:474, mír 94).

51 Ós rud é go n-úsáideann oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, agus a fhógraí féin agus fógraí díoltóirí tríú páirtithe á dtaispeáint ag an am céanna agus a thaispeánann lógó a dháileora aitheanta féin ar a láithreán gréasáin agus ar na fógraí sin go léir, lena n-áirítear na fógraí sin a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe, is dócha go ndéanfaidh sé idirdhealú soiléir den sórt sin deacair agus, dá bhrí sin, an tuiscint a thabhairt don úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, na hearraí a thairgeann na díoltóirí tríú páirtithe sin lena ndíol freisin. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil comhartha atá comhionann le

trádmharc duine eile ar na hearraí sin, is féidir le cur i láthair aonfhoirmeach den sórt sin nasc a chruthú, i súile na n-úsáideoirí sin, idir an comhartha sin agus na seirbhísí a sholáthraíonn an t-oibreoir sin.

52 Go háirithe, i gcás ina bhfuil baint ag oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne leis na tairiscintí éagsúla, de thionscnamh é féin nó tríú páirtí, gan idirdhealú de réir a dtionscnaimh, tagairt don chineál "earraí sárdhíola", "an t-éileamh is mó" nó "bronntanais mhóréilimh", chun críocha, go háirithe, cuid de na tairiscintí sin a chur chun cinn, is dócha go dtreiseoidh cur i láthair den sórt sin an tuiscint i measc an úsáideora atá réasúnta eolasach agus airdeallach go bhfuil na hearraí a chuirtear chun cinn ar an gcaoi sin á margú ag an oibreoir sin, ina ainm féin agus ar a chuntas féin.

53 Ar an dara dul síos, maidir le cineál agus méid na seirbhísí a sholáthraíonn oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear margadh ar líne do dhíoltóirí tríú páirtithe a thairgeann earraí a bhfuil an comhartha atá i gceist orthu ar an margadh sin, amhail na hearraí sin lena gcuimsítear, go háirithe, ceisteanna úsáideoirí a bhaineann leis na hearraí sin a láimhseáil nó stóráil, seoladh agus bainistiú na n-earraí sin a thugtar ar ais, is dócha go dtabharfaidh siad an tuiscint sin d'úsáideoir atá réasúnta eolasach agus airdeallach, go ndéanann an t-oibreoir sin na hearraí sin a mhargú, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, agus ar an gcaoi sin nasc a chruthú, i súile na n-úsáideoirí sin, idir a sheirbhísí agus na comharthaí atá le feiceáil ar na hearraí sin agus i bhfógraí na ndíoltóirí tríú páirtithe sin.

54 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 9(2)(a) de Rialachán 2017/1001 a léiriú sa chiall go bhféadfar oibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear, sa bhreis ar a thairiscintí lena ndíol féin, margadh ar líne a mheas mar oibreoir a bhaineann úsáid é féin as comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, i gcás ina dtairgeann díoltóirí tríú páirtithe earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin, gan toiliú dhílseánach an trádmhairc sin, má dhéanann úsáideoir sin atá réasúnta eolasach agus airdeallach ar an láithreán gréasáin nasc a bhunú idir seirbhísí an oibreora sin agus an comhartha atá i gceist, is é sin an cás go háirithe, agus na gnéithe go léir lena léirítear an staid i gceist á gcur san áireamh, d'fhéadfadh a leithéid d'úsáideoir a thabhairt le tuiscint gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn é féin, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, na hearraí a bhfuil an comhartha sin orthu. Is ábhartha i ndáil leis sin go n-úsáideann an t-oibreoir sin bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, ina dtaispeántar ag an am céanna na fógraí a bhaineann leis na hearraí a dhíolann sé ina ainm agus ar a chuntas féin agus na cinn a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin, ina dtaispeántar a lógó dáileora aitheanta féin ar na fógraí sin go léir agus go dtairgeann sé go díoltóirí tríú páirtithe, i gcomhthéacs mhargaíocht na n-earraí a bhfuil an comhartha atá i gceist orthu, seirbhísí breise arb é atá iontu, go háirithe, stóráil agus seoladh na n-earraí sin.

Costais

55 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na gcúirteanna a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis na cúirteanna sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 9(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

maidir le hoibreoir láithreáin gréasáin díolacháin ar líne lena n-ionchorpraítear, sa bhreis ar a thairiscintí lena ndíol féin, margadh ar líne, féadfar é a mheas mar oibreoir a bhaineann úsáid é féin as comhartha atá comhionann le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh duine eile le haghaidh earraí atá comhionann leo siúd a bhfuil an trádmharc sin cláraithe ina leith, i gcás ina dtairgeann díoltóirí tríú páirtithe earraí den sórt sin a bhfuil an comhartha sin orthu lena ndíol ar an margadh sin, gan toiliú dhílseánach an trádmhairc sin, má dhéanann úsáideoir sin atá réasúnta eolasach agus airdeallach ar an láithreán gréasáin nasc a bhunú idir seirbhísí an oibreora sin agus an comhartha atá i gceist, is é sin an cás go háirithe, agus na gnéithe go léir lena léirítear an staid i gceist á gcur san áireamh, d'fhéadfadh a leithéid d'úsáideoir a thabhairt le tuiscint gurb é an t-oibreoir sin a mhargaíonn é féin, ina ainm féin agus ar a chuntas féin, na hearraí a bhfuil an comhartha sin orthu. Is ábhartha i ndáil leis sin go n-úsáideann an t-oibreoir sin bealach aonfhoirmeach chun na tairiscintí arna bhfoilsiú ar a láithreán gréasáin a chur i láthair, ina dtaispeántar ag an am céanna na fógraí a bhaineann leis na hearraí a dhíolann sé ina ainm agus ar a chuntas féin agus na cinn a bhaineann le hearraí a thairgeann díoltóirí tríú páirtithe ar an margadh sin, ina dtaispeántar a lógó dáileora aitheanta féin ar na fógraí sin go léir agus go dtairgeann sé go díoltóirí tríú páirtithe, i gcomhthéacs mhargaíocht na n-earraí a bhfuil an comhartha atá i gceist orthu, seirbhísí breise arb é atá iontu, go háirithe, stóráil agus seoladh na n-earraí sin.

Sínithe